An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0046/2023**

**Chuig: Na Boird Bhainistíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais, cé is moite de Phobalscoileanna Náisiúnta agus Iar-bhunscoileanna BOO**

# Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile arna Maoiniú Roimhe Faoi Mhaoiniú Deontas Coimhdeach

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistithe agus Rúnaithe Scoile a chur ar an eolas faoi rátaí athbhreithnithe tuarastail na rúnaithe scoile a mhaoinítí roimhe seo faoi mhaoiniú deontas coimhdeach.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo an scála nua i ndiaidh ailíniú comhaontaithe le harduithe pá náisiúnta. Ní bhaineann na méaduithe go díreach ach le rúnaithe a d’aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua arna dtairiscint faoi chomhaontú Feabhra 2022.

3. Cuirfear na méaduithe i bhfeidhm agus íocfar iad trí chóras párolla na Roinne agus ní gá do scoileanna beart ar bith a dhéanamh.

4. Tá pá agus coinníollacha eile rúnaithe nár aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua fós ina ábhar don scoil, mar fhostóir.

**Méaduithe ar Thuarastail**

5. Cuirtear téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí tuarastail athbhreithnithe don fhoireann lena mbaineann le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2023 agus tá siad leatha amach in Aguisín 1. Tá na rátaí comhfhreagracha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile san áireamh chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt do rúnaithe.

6. Tá rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile ceangailte le hAguisín 2.

7. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023, tá téarmaí an Chiorcláin seo curtha in ionad na scálaí tuarastail uile agus na rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire uile iníoctha le Rúnaithe Scoile a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

8. Pléifear le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015.

**Scaipeadh agus Ceisteanna**

9. Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus go ndíreofar aird na Rúnaithe uile atá fostaithe agat ar an méid atá inti, chomh maith leo siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

10. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/en/circulars/

11. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh le ríomhphost chuig: NTSPayroll@education.gov.ie

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Párolla

3 Deireadh Fómhair 2023

**<u>Aguisín 1</u>**

**Rúnaithe Scoile**

| **Rúnaí Scoile** | **Rátaí bliantúil ó 01/10/2023** | **Rátaí in aghaidh na huaire ó 01/10/2023** |
|---|---|---|
| Ponc 1 | €27,895 | €14.45 |
| Ponc 2 | €29,611 | €15.34 |
| Ponc 3 | €30,032 | €15.56 |
| Ponc 4 | €30,891 | €16.00 |
| Ponc 5 | €32,142 | €16.65 |
| Ponc 6 | €33,395 | €17.30 |
| Ponc 7 | €34,652 | €17.95 |
| Ponc 8 | €35,561 | €18.42 |
| Ponc 9 | €36,594 | €18.95 |
| Ponc 10 | €37,789 | €19.57 |
| Ponc 11 | €38,639 | €20.01 |
| Ponc 12 | €39,825 | €20.63 |
| Ponc 13 | €41,020 | €21.25 |
| Ponc 14 | €43,266 | €22.41 |
| | €43,266 | €22.41 |
| | €43,266 | €22.41 |
| **Incrimint Fadseirbhíse*** | €44,861 | €23.24 |

** i ndiaidh 3 bliana ar a mhéad de sheirbhís shásúil*

Ríomhtar rátaí in aghaidh na huaire ar bhonn Post Lánaimseartha – i.e. 37 uair sa tseachtain ar feadh 52.18 seachtain, le 22 lá saoire bhliantúil. Dáiltear tuarastal go cothrom ar feadh na bliana do Rúnaithe a roghnaigh go ndéanfaí a dtuarastail a 'bhliantú' (i.e. a oibríonn níos lú ná 52.18 seachtain in aghaidh na bliana, ach a bhfuil a dtuarastal scaipthe thar an mbliain iomlán). Toisc an tuarastal a bheith bliantúil thar 52.18 seachtain in aghaidh na bliana, d'fhéadfadh go mbeadh an chuma ar an ráta éifeachtach in aghaidh na huaire níos ísle ná na rátaí a foilsíodh thuas sa Chiorclán.

**<u>Aguisín 2</u>**

**Rúnaí Scoile**

| **Stádas an Rúnaí Scoile Ionaid** | **Ráta Leanúnach ón 01/10/2023** | **Ráta Saoire Bliantúil Reachtúil ó 01/10/2023** |
|---|---|---|
| | €13.29 | €1.16 |